Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Bealtaine 2023
(OR. en)

9098/23

LIMITE

CORLX 472
CFSP/PESC 667
CSDP/PSDC 342
PESCO 6
FIN 511

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh (CBES) 2018/340 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh (CBES) 2018/340 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe Airteagal 46(6) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/2315 ón gComhairle an 11 Nollaig 2017 lena mbunaítear buanchomhar struchtúrtha (PESCO) agus lena gcinntear liosta na mBallstát rannpháirteach[1],

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 331, 14. 12. 2017, lch. 57.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Nollaig 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2315.

(2) Le hAirteagal 4(2), pointe (e), de Chinneadh (CBES) 2017/2315 foráiltear go bhfuil an Chomhairle chun liosta na dtionscadal atá le forbairt faoin mbuanchomhar struchtúrtha (PESCO) a bhunú, lena léirítear tacaíocht d'fhorbairt cumais agus tacaíocht shuntasach a sholáthar d'oibríochtaí agus do mhisin an chomhbheartais slándála agus cosanta (CBSC) ó thaobh na n-acmhainní agus cumas de.

(3) An 6 Márta 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/340[1] lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO.

(4) An 6 Márta 2018, ghlac an Chomhairle Moladh a bhaineann le treochlár le haghaidh chur chun feidhme PESCO[2] ('an Moladh'), freisin.

PUBLIC

---

1 Cinneadh (CBES) 2018/340 ón gComhairle an 6 Márta 2018 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 65, 8.3.2018, lch. 24).

2 Moladh ón gComhairle an 6 Márta 2018 maidir le treochlár i ndáil le cur chun feidhme PESCO (IO C 88, 8.3. 2018, lch. 1).

(5) I mír 9 den Mholadh, sonraíodh gur cheart don Chomhairle liosta thionscadal PESCO a nuashonrú faoi mhí na Samhna 2018 chun an chéad tacar eile tionscadal a áireamh, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2017/2315, lena bhforáiltear go háirithe go bhféadfaidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') moladh a dhéanamh a bhaineann le sainaithint tionscadal PESCO agus a bhaineann le meastóireacht a dhéanamh orthu, ar bhonn measúnuithe arna soláthar ag rúnaíocht PESCO, go bhféadfaidh an Chomhairle cinneadh a dhéanamh, tar éis comhairle mhíleata a fháil ó Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh (EUMC).

PUBLIC

(6) An 25 Meitheamh 2018 ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/909[1] lena mbunaítear tacar coiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO.

(7) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1797[2] lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh (CBES) 2018/340.

(8) An 16 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/2008[3] lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh (CBES) 2018/340.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2018/909 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2018 lena mbunaítear tacar coiteann rialacha rialachais do thionscadail PESCO (IO L 161, 26.6.2018, lch. 37).

[2] Cinneadh (CBES) 2018/1797 ón gComhairle an 19 Samhain 2018 lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh 2018/340 lena mbunaítear liosta na dtionscadal atá le forbairt faoi PESCO (IO L 294, 21. 11. 2018, lch. 18).

[3] Cinneadh (CBES) 2021/2008 ón gComhairle an 16 Samhain 2021 lena leasaítear agus lena nuashonraítear Cinneadh (CBES) 2018/340 lena mbunaítear liosta na dtograí atá le forbairt faoi PESCO (IO L 407, 17.11.2021, lch. 37).

(9) An 14 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Moladh lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn a rinne na Ballstáit rannpháirteacha chun na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú PESCO a chomhlíonadh[1].

(10) An 31 Márta 2023, thug an tArdionadaí moladh don Chomhairle maidir le tograí tionscadail faoi chuimsiú PESCO a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

(11) An 4 Aibreán 2023, chuir Rúnaíocht PESCO in iúl don Chomhairle gur chinn comhaltaí na dtionscadal 'Cumas Tacaíochta Lámhaigh Indírí (EuroArtillery)' deireadh a chur leis an tionscadal.

(12) An 24 Aibreán 2023, chuir Rúnaíocht PESCO in iúl don Chomhairle gur chinn comhaltaí na dtionscadal 'Lárionaid Tástála agus Mheastóireachta an Aontais' agus 'Comhroinnt Bunáiteanna' deireadh a chur leis na tionscadail sin.

(13) An 4 Bealtaine 2023, tháinig an Coiste Polaitiúil agus Slándála ar chomhaontú maidir leis na moltaí atá i gcomhairle mhíleata EUMC i ndáil leis an moladh ón Ardionadaí i dtaca le tograí tionscadail faoi chuimsiú PESCO a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

(14) Ba cheart don Chomhairle, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2018/340 a leasú agus a nuashonrú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Moladh ón gComhairle an 14 Samhain 2022 lena ndéantar measúnú ar an dul chun cinn a rinne na Ballstáit rannpháirtíochta a gcuid gealltanas a chomhlíonadh faoi chuimsiú an bhuanchomhair struchtúrtha (PESCO) (2022/C 433/02) (IO C 433, 15.11.2022, lch. 6).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/340 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear na tionscadail seo a leanas leis:

‘62. An tAertharlú Eorpach Cosanta - Acadamh Oiliúna (EDA-TA);

63. Córais Chomhtháite Talún Gan Foireann 2 (iUGS 2);

64. Braiteoirí Frithbhataire (CoBaS);

65. Toirpéad Frith-Thoirpéid (ATT);

66. Cosaint Bhonneagar Criticiúil Ghrinneall na Farraige (CSIP);

67. Diúracán Gearr-Raoin ó Aer go hAer a bheidh ann amach anseo (FRSM);

68. Héileacaptar Meánmhéide den chéad ghlúin eile (NGMH);

69. Córas Cosanta Comhtháite Ilsrathach Aeir agus Diúracán (IMLAMD);

70. Córas Éifeachtóirí agus Braiteoirí le haghaidh ceannais agus rialú san Artach (ACCESS);

71. Bonneagar agus Líonraí Cumarsáide Stóinsithe (ROCOMIN);

72. ROLE 2F.’;

PUBLIC

(2) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;;

(3) cuirtear Iarscríbhinn eile in ionad Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN I

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le liosta chomhaltaí na dtionscadal i ngach tionscadal ar leith a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2018/340:

| Tionscadal | | Comhaltaí na dTionscadal |
|---|---|---|
| 62. | An tAertharlú Eorpach Cosanta - Acadamh Oiliúna (EDA-TA) | An Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil, an Ungáir, an Phortaingéil |
| 63. | Córais Chomhtháite Talún Gan Foireann 2 (iUGS 2) | An Eastóin, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia, an Ungáir, an Ísiltír, an Fhionlainn, an tSualainn |
| 64. | Braiteoirí Frithbhataire (CoBaS) | An Fhrainc, an Ísiltír |
| 65. | Toirpéad Frith-Thoirpéid (ATT) | An Ghearmáin, an Ísiltír |
| 66. | Cosaint Bhonneagar Criticiúil Ghrinneall na Farraige (CSIP) | An Iodáil, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Phortaingéil, an tSualainn |
| 67. | Diúracán Gearr-Raoin ó Aer go hAer a bheidh ann amach anseo (FRSM) | An Ghearmáin, an Spáinn, an Iodáil, an Ungáir, an tSualainn |
| 68. | Héileacaptar Meánmhéide den chéad ghlúin eile (NGMH) | An Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil, an Fhionlainn |
| 69. | Córas Cosanta Comhtháite Ilsrathach Aeir agus Diúracán (IMLAMD) | An Iodáil, an Fhrainc, an Ungáir, an tSualainn |
| 70. | Córas Éifeachtóirí agus Braiteoirí le haghaidh ceannais agus rialú san Artach (ACCESS) | An Fhionlainn, an Eastóin, an Fhrainc, an tSualainn |
| 71. | Bonneagar agus Líonraí Cumarsáide Stóinsithe (ROCOMIN) | An tSualainn, an Eastóin, an Fhrainc |
| 72. | ROLE 2F | An Spáinn, an Bhulgáir, an Fhrainc, an Phortaingéil, an Fhionlainn, an tSualainn |



PUBLIC

## IARSCRÍBHINN II

Cuirtear Iarscríbhinn II thíos in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2018/340:

‘IARSCRÍBHINN II

**LIOSTA NUASHONRAITHE COMHDHLÚITE**
**DE CHOMHALTAÍ NA dTIONSCADAL AR LEITH**

| | Tionscadal | Comhaltaí na dTionscadal |
|---|---|---|
| 1. | Ceannasaíocht Leighis Eorpach (EMC) | An Ghearmáin, an Bheilg, an tSeicia, an Eastóin, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSualainn |
| 2. | Raidió Bogearraí-Shainithe Slán Eorpach (ESSOR) | An Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn, an Iodáil, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Fhionlainn |
| 3. | Líonra na Mol Lóistíochta san Eoraip agus oibríochtaí tacaíochta (NetLogHubs) | An Ghearmáin, an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an tSlóivéin, an tSlóvaic |
| 4. | An tSoghluaisteacht Mhíleata | An Ísiltír, an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Fhionlainn, an tSualainn |
| 5. | An Lárionad Deimhniúcháin Oiliúna Eorpach um Airm Eorpacha | An Iodáil, an Ghréig |
| 6. | Feidhm Oibríochtúil Fuinnimh (EOF) | An Fhrainc, an Bheilg, an Spáinn, an Iodáil, an tSlóivéin |



PUBLIC

| Tionscadal | | Comhaltaí na dTionscadal |
|---|---|---|
| 7. | Pacáiste chun Cumas Míleata Fóirithinte a Imlonnú i gcás Tubaistí (DM-DRCP) | An Iodáil, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Ostair |
| 8. | Córais Mhuirí (leath-)Uathrialaitheacha um Fhrithbhearta Mianach (MAS MCM) | An Bheilg, Éire, an Ghréig, an Fhrainc, an Laitvia, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin |
| 9. | Faireachas agus Cosaint Cuanta agus Mhuirí (HARMSPRO) | An Iodáil, an Ghréig, an Pholainn, an Phortaingéil |
| 10. | Uasghrádú Faireachais Mhuirí | An Ghréig, an Bhulgáir, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Chipir |
| 11. | An tArdán le haghaidh Comhroinnt Faisnéise faoi Fhreagairt Cibearbhagairtí agus Cibirtheagmhas) | An Ghréig, Éire, an Iodáil, an Chipir, an Ungáir, an Phortaingéil |
| 12. | Foirne Mearfhreagartha Cibirtheagmhas agus Cúnamh Frithpháirteach maidir le Cibearshlándáil | An Liotuáin, an Bheilg, an Eastóin, an Chróit, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin |
| 13. | Córas Ceannais agus Comhordaithe (C2) Straitéiseach um Misin agus Oibríochtaí CBSC (EUMILCOM) | An Spáinn, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, Lucsamburg, an Phortaingéil |
| 14. | Feithicil troda choisithe armúrtha / Feithicil ionsaithe amfaibiach / Feithicil armúrtha éadrom (AIFV/AAV/LAV) | An Iodáil, an Ghréig, an tSlóvaic |
| 15. | Lárionad Oibríochtaí EUFOR um Fhreagairt Géarchéimeanna (EUFOR CROC) | An Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Chipir, an Ísiltír, an Ostair |
| 16. | Oiliúint ar phíolótú héileacaptar faoi theocht ard agus ar airde mhór (Oiliúint H3) | An Ghréig, an Iodáil, an Rómáin |
| 17. | Scoil faisnéise chomhpháirteach an Aontais (JEIS) | An Ghréig, an Chipir |

PUBLIC

| Tionscadal | | Comhaltaí na dTionscadal |
|---|---|---|
| 18. | Córas Comhtháite Talún Gan Foireann (iUGS) | An Eastóin, an Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Laitvia, an Ísiltír, an Pholainn, an Fhionlainn |
| 19. | Córais Diúracán Láthair Chatha Talún AE thar an líne amhairc (BLOS) | An Fhrainc, an Bheilg, an Chipir, an tSualainn |
| 20. | Pacáiste Cumais Idirghabhála Fo-Uisce Modúlach In-imscartha (DIVEPACK) | An Bhulgáir, an Ghréig, an Fhrainc, an Iodáil, an Rómáin |
| 21. | Córais Eorpacha Aerárthaí Cianrialaithe Meánairde Fad-Aga - MALE RPAS (Eurodrone) | An Ghearmáin, an tSeicia, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil |
| 22. | Héileacaptair Ionsaithe TIGER Marc III de chuid na hEorpa | An Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn |
| 23. | Córas in aghaidh Aerárthaí Gan Foireann (C-UAS) | An Iodáil, an tSeicia, tSualainn |
| 24. | Ardán Aerloinge Ard-Atmaisféir na hEorpa (EHAAP) – Síorchumas Faisnéise, Faireachais agus Taiscéalaíochta (ISR) | An Iodáil, an Fhrainc |
| 25. | Post Ceannais (CP) In-imscartha Aonuaire do Cheannas agus Rialú (C2) Oirbheartaíoch na bhFórsaí Oibríochtaí Speisialta (SOF) i gcás Oibríochtaí Beaga Comhpháirteacha (SJO) – (SOCC) i gcás SJO | An Ghréig, an Chipir |
| 26. | Clár um Chumas Cogaíochta Leictreonaí agus um Idir-inoibritheacht don Fhaisnéis, Faireachas agus Taiscéalaíocht (JISR) amach anseo | An tSeicia, an Ghearmáin, an Liotuáin |

PUBLIC

| | Tionscadal | Comhaltaí na dTionscadal |
|---|---|---|
| 27. | Faireachas Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach (CBRN) mar Sheirbhís (CBRN SaaS) | An Ostair, an Fhrainc, an Chróit, an Ungáir, an tSlóivéin |
| 28. | Aonad um Chomhordú na Tacaíochta (GMSCE) Geoimeitéareolaíche agus Aigéineolaíochta (GeoMETOC) | An Ghearmáin, an Bheilg, an Ghréig, an Fhrainc, Lucsamburg, an Ostair, an Phortaingéil, an Rómáin |
| 29. | Réiteach Radaloingseoireachta an Aontais (EURAS) | An Fhrainc, an Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Iodáil, an Pholainn |
| 30. | An Líonra Míleata Eorpach um Fheasacht ar Fhaireachas Spáis (EU SSA-N) | An Iodáil, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ísiltír |
| 31. | An Lárionad Comhtháite Eorpach Oiliúna agus Ionsamhlúcháin (EUROSIM) | An Ungáir, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Pholainn, an tSlóivéin |
| 32. | Acadamh agus Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh um Earnáil na Cibearchosanta (AE CAIH) | An Phortaingéil, an Spáinn, an Rómáin |
| 33. | Lárionad oiliúna leighis d'fhórsaí oibríochtaí speisialta (SMTC) | An Pholainn, an Ungáir |
| 34. | Raon Oiliúna le haghaidh cosaint cheimiceach, bhitheolaíoch, raideolaíoch agus núicléach (CBRN) (CBRNDTR) | An Rómáin, an Fhrainc, an Iodáil |
| 35. | Líonra an Aontais Eorpaigh de Lárionaid Tumadóireachta (EUNDC) | An Rómáin, an Bhulgáir, an Fhrainc |
| 36. | Córas Frith-Fhomhuireáin Muirí Gan Foireann (MUSAS) | An Phortaingéil, an Spáinn, an Fhrainc, an tSualainn |
| 37. | Coirbhéad Patróil Eorpach (EPC) | An Iodáil, an Ghréig, an Spáinn, an Rómáin |
| 38. | Ionsaí Leictreonach Aerbheirthe (AEA) | An Spáinn, an Fhrainc, an tSualainn |

PUBLIC

| | Tionscadal | Comhaltaí na dTionscadal |
|---|---|---|
| 39. | An Lárionad Comhordúcháin Cibearchosanta agus Faisnéise (CIDCC) | An Ghearmáin, an Spáinn, an Ungáir, an Ísiltír |
| 40. | Rabhadh agus Tascradh Tráthúil le Faireachas ón Spás ar Limistéir Imlonnaithe (TWISTER) | An Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn, an Iodáil, an Ísiltír, an Fhionlainn |
| 41. | Ábhair agus comhpháirteanna le haghaidh iomaíochas teicneolaíoch an Aontais (MAC-EU) | An Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn, an Phortaingéil, an Rómáin |
| 42. | Cumas Comhoibríoch Cogaíochta AE (ECoWAR) | An Fhrainc, an Bheilg, an Spáinn, an Pholainn, an Rómáin, an tSualainn |
| 43. | Córas Eorpach um Chomhtháthú Domhanda Ollstruchtúr na gCóras Aerárthaí Cianrialaithe (RPAS) (GLORIA) | An Iodáil, an Fhrainc, an Rómáin |
| 44. | Lárionad Ionsamhlúcháin agus Tástála um Príomhthainc Chatha (MBT-SIMTEC) | An Ghréig, an Fhrainc, an Chipir |
| 45. | Comhpháirtíocht Mhíleata an Aontais Eorpaigh (AE MP) | An Fhrainc, an Eastóin, an Iodáil, an Ostair |
| 46. | Eilimintí Sár-Riachtanacha an Tionlacain Eorpaigh (4E) | An Spáinn, an Iodáil, an Phortaingéil |
| 47. | Feithicil Dhromchla Leath-Uathrialaitheach Mheánmhéide (M-SASV) | An Eastóin, an Fhrainc, an Laitvia, an Rómáin |
| 48. | Aeriompar Straitéiseach do Lasta Ollmhór (SATOC) | An Ghearmáin, an tSeicia, an Fhrainc, an Ísiltír |
| 49. | RPAS Beag den Chéad Ghlúin Eile (NGSR) | An Spáinn, an Ghearmáin, an Ungáir, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin |
| 50. | Stáisiún Nasctha Rótarárthaigh do Ladrainn (RDSD) | An Iodáil, an Fhrainc |

PUBLIC

| Tionscadal | | Comhaltaí na dTionscadal |
|---|---|---|
| 51. | Mionarmáin Inscálaithe (SSW) | An Iodáil, an Fhrainc |
| 52. | Aerchumhacht | An Fhrainc, an Ghréig, an Chróit |
| 53. | Lasta Oirbheartaíochta Meánmhéide amach anseo (FMTC) | An Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn, an tSualainn |
| 54. | Cónaidhmeanna Cibear-Raonta (CRF) | An Eastóin, an Bhulgáir, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia, Lucsamburg, an Fhionlainn |
| 55. | Samhaltú Uathoibrithe, Sainaithint agus Measúnú Damáiste ar Thír-Raon Uirbeach (AMIDA-UT) | An Phortaingéil, an Spáinn, an Fhrainc, an Ostair |
| 56. | Mol Comhchoiteann d'Íomhánna Rialtasacha (CoHGI) | An Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ostair, an Rómáin, |
| 57. | Sócmhainní Spáis a Chosaint (DoSA) | An Fhrainc, an Ghearmáin, an Spáinn, an Iodáil, an Ostair an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin |
| 58. | An tAertharlú Eorpach Cosanta - Acadamh Oiliúna (EDA-TA) | An Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil, an Ungáir, an Phortaingéil |
| 59. | Córais Chomhtháite Talún Gan Foireann 2 (iUGS 2) | An Eastóin, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Iodáil, an Laitvia, an Ungáir, an Ísiltír, an Fhionlainn, an tSualainn |
| 60. | Braiteoirí Frithbhataire (CoBaS) | An Fhrainc – an Ísiltír |
| 61. | Toirpéad Frith-Thoirpéid (ATT) | An Ghearmáin – an Ísiltír |
| 62. | Cosaint Bhonneagar Criticiúil Ghrinneall na Farraige (CSIP) | An Iodáil, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Phortaingéil, an tSualainn |

PUBLIC

| Tionscadal | | Comhaltaí na dTionscadal |
|---|---|---|
| 63. | Diúracán Gearr-Raoin ó Aer go hAer a bheidh ann amach anseo (FRSM) | An Ghearmáin, an Spáinn, an Iodáil, an Ungáir, an tSualainn |
| 64. | Héileacaptar Meánmhéide den chéad ghlúin eile (NGMH) | An Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil, an Fhionlainn |
| 65. | Córas Comhtháite Ilsrathach um Chosaint Aeir agus Diúracán (IMLAMD) | An Iodáil, an Fhrainc, an Ungáir, an tSualainn |
| 66. | Córas Éifeachtóirí agus Braiteoirí le haghaidh ceannais agus rialú san Artach (ACCESS) | An Fhionlainn, an Eastóin, an Fhrainc, an tSualainn |
| 67. | Bonneagar agus Líonraí Cumarsáide Stóinsithe (ROCOMIN) | An tSualainn, an Eastóin, an Fhrainc |
| 68. | ROLE 2F | An Spáinn, an Bhulgáir, an Fhrainc, an Phortaingéil, an Fhionlainn, an tSualainn |

’.

PUBLIC